C/2025/3780

17.9.2025

P9_TA(2024)0354

Seirbhísí slándála bainistithe

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe (COM(2023)0208 – C9-0137/2023 – 2023/0108(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2025/3780)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0208),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0137/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2023 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Márta 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0307/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, agus a fhoilseofar i sraith C *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C 349, 29.9.2023, lch. 167.

P9_TC1-COD(2023)0108

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/37.)

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas polaitiúil ón gCoimisiún tráth glactha Rialachán (AE) 2025/37 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe ([1])

Leis an Rialachán seo lena leasaítear an Gníomh um Chibearshlándáil, cuirtear isteach an fhéidearthacht scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe. Ag an am céanna, aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an nGníomh um Chibearshlándáil, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na nósanna imeachta as a n-eascraíonn ullmhú, glacadh agus athbhreithniú na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar anailís dhomhain agus ar chomhairliúchán leathan maidir le tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmiú an chreata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart a áireamh san anailís a dhéanfar mar chuid den mheastóireacht a bhunaítear in Airteagal 67 den Ghníomh um Chibearshlándáil gníomhaíochtaí leanúnacha forbartha scéimeanna, amhail an ghníomhaíocht a bhaineann leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála do sheirbhísí néalríomhaireachta (EUCS) chomh maith le gníomhaíochtaí na scéimeanna arna nglacadh amhail an ghníomhaíocht a bhaineann leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna (EUCC).

Go háirithe, ba cheart a shainaithint san athbhreithniú láidreachtaí agus laigí na nósanna imeachta as a dtagann scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála agus moltaí a cheapadh le haghaidh feabhsuithe amach anseo. Ba cheart aghaidh a thabhairt ann freisin ar ghnéithe a bhaineann le comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus trédhearcacht an phróisis.

Dá réir sin, áiritheoidh an Coimisiún, atá freagrach as an athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil, go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú, de réir mar is iomchuí, na heilimintí is gá a luaitear i bhfianaise Airteagal 67 agus an t-athbhreithniú á chur faoi bhráid na gcomhreachtóirí.

([1]) IO L, 2025/37, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/37/oj.